

Solas an Léinn

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Ghaelcholáiste Reachrann. Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. drochstaid	a. <i>immersion education</i>
2. foirgneamh réamhdhéanta	b. <i>during / throughout the time</i>
3. scór bliain	c. <i>rat</i>
4. i gcaitheamh an ama	d. <i>bad condition</i>
5. bunaitheoir	e. <i>long-term</i>
6. an fhís	f. <i>temporary</i>
7. lofa	g. <i>prefabricated building</i>
8. tumoideachas	h. <i>rotten</i>
9. francach	i. <i>20 years</i>
10. fadtéarmach	j. <i>repair work</i>
11. sealadach	k. <i>the vision</i>
12. obair chóirithe	l. <i>founder</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta. Agus sibh ag féachaint ar an mír, an féidir libh:

- 1) Focal a aimsiú atá cosúil leis an bhfocal 'lofa'?
- 2) Focal a aimsiú atá ar mhalairt bhrí leis an bhfocal 'sealadach'?
- 3) An bhearna a líonadh: obair chóirithe agus _____ ?



Ceist 2

Cad a dúirt gach duine sa tuairisc? Féach ar an mír den dara huair agus meaitseáil na habairtí cuí ar dheis leis na daoine cearta ar chlé.

1. Siún Nic Gearailt	a) Caithfear réiteach a fháil anois díreach mar tá luchóga móra sa scoil fiú.
2. Séamus Ó Scanláin	b) Ní féidir leis na daltaí nó na múinteoirí díriú isteach ar an obair mar tá na foirgnimh ró-lofa.
3. Marc Ó Broin	c) Níl daoine sásta leis an droch-chaoi atá ar Ghaelscoil Reachrann ó chuaigh na daltaí ar ais ar scoil.
4. Micheál Mac Donncha	d) Tá sé an-deacair an scoil a réachtáil agus níl na háiseanna cearta aici ach an oiread.
5. Aodhán Ó Ríordáin	e) Bunaíodh an scoil sa bhliain 2001 agus sé dhalta is tríocha a d'fhreastail ar an scoil ar an gcéad lá.
6. Fionnuala Ní Chaisil	f) Tá gá leis an meánscoil seo mar tá a lán bunscoileanna Gaeilge timpeall uirthi. Ba cheart go mbeadh foirgneamh ceart acu.

Ceist 3

Féach ar an mír arís agus freagair ne ceisteanna:

1. Cá bhfuil an gaelcholáiste go díreach?
2. Cén fáth ar luadh an figiúr 500?
3. Cá mbíonn an chuid is mó de na ranganna ar siúl?
4. Conas atá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cuidiú leis an scoil faoi láthair?

Ceist 4

A: Féach ar an gciorcail ar an gcead leathanach eile. Cuir na hainmfhocail faoi na pointí cuí a leanas. Tá ceann amháin déanta duit cheana féin.

Níl sna pointí thíos ach **treoir** chun inscne ainmfhocail a aimsiú.

Ainmfhocail bhaininscneacha

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol: **ceist**
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –lann:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eog / –óg:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –chan:
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu:

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén áit a bhfuil tú féin ag staidéar? Déan cur síos ar an áit.
2. Samhlaigh go raibh tú i seomra ranga a raibh francaigh ann. Conas a mhothófá?
3. Samhlaigh go raibh tú i seomra ranga a bhí loite, fuar agus fliuch. Conas a mhothófá?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
d	g	i	b	l	k	h	a	c	e	f	j

- 1) Loite.
- 2) Buan.
- 3) Obair chothabhála.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6
c	e	b	a	f	d

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Ainmfhocail bhaininsneacha

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan caol: *ceist (scoil, fíis, obair)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –lann: *pictiúrlann*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eog / –óg: *fuinneog*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –íocht agus –aíocht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *filíocht*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –chan: *athbheochan*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht agus –acht agus a bhfuil dhá shiolla nó níos mó iontu: *clisteacht (pátrúnacht, iarracht)*

Ainmfhocail fhirinsneacha

- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le consan leathan: *gluaisteán (foirgneamh, casadh, rialtas)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le guta: *gúna (Gaelcholáiste, páiste)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –ín, nuair is ‘níos lú’ atá i gceist: *cipín*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –éir, –eoir, –óir, –úir agus a bhaineann le gairmeacha de ghnáth: *léachtóir (bunaitheoir)*
- ✓ Ainmfhocail a chríochnaíonn le –eacht nó –acht ach nach bhfuil ach siolla amháin acu: *ceacht*

Ceist 5

cuir faoi: *settle down* – tá sé ag cur faoi i nGaillimh.

cuir amach: *vomit* – chuir sí amach ar maidin.

cuir siar: *put back / postpone* – chuir mé an cruinniú siar.

cuir ar ceal: *cancel* – chuir mé an cruinniú ar ceal.

cuir as do: *bother* – cad atá ag cur as duit?

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh ar ais. Anois, tá imní mhór ó thús na scoilbhliana faoin drochstaid ina bhfuil meánscoil lán-Ghaolainne i gceantar Dhomhnach Míde, i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath. Is i bhfoirgnimh réamhdhéanta atá formhór na ndaltaí i nGaelcholáiste Reachrann le scór bliain anois, cé gur minic a gealladh scoil nua dóibh i gcaitheamh an ama sin.

Séamus Ó Scanláin

Meánscoil lán-Ghaeilge nua-aimseartha, dílis don traidisiún Gaelach - an fhís a chuir bunaitheoirí Ghaelcholáiste Reachrann rompu, ag tosú amach le 36 dalta i Meán Fómhair 2001. Is mór é fás na scoile seo ó shin, atá faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tá beagnach 500 dalta sa scoil anois, ach a bhformhór i bhfoirgnimh réamhdhéanta, atá ag tabhairt uathu go tréan le tamall.

Marc Ó Broin, Tuismitheoir

Tá sé lofa agus loite agus dá bharr siúd ní féidir leo an tumoideachas, an sprioc sin a aimsiú mar cuireann an foirgneamh isteach go mór ar na daltaí agus ar na hoidí freisin.

An Comhairleoir Micheál Mac Donncha

Tá na foirgnimh seo fliuch. Tá siad fuar. Tá fadhb le francaigh. Tá sé dochreidte. So, ba chóir go mbeadh dul chun cinn práinneach air seo.

Séamus Ó Scanláin

Idir gach uile chasadh atá feicthe ag an scoil le scór bliain, tá sí fós ag fanacht le foirgneamh nua – a gealladh go minic ach nár tógadh go fóill. Is é an t-aon réiteach fadtéarmach é, a deirtear.

Aodhán Ó Ríordáin, TD, Páirtí an Lucht Oibre

Tá an-chuid bunscoileanna thart, timpeall na scoile – bunscoileanna Gaeilge agus tá sé ceart go mbeadh scoil dara leibhéal as Gaeilge do na páistí sin agus gur chóir go mbeadh foirgneamh buan ann dóibh agus tá sé ríthábhachtach don rialtas rud éigin a dhéanamh faoi anois.

Fionnuala Ní Chaisil, Bunaitheoir na scoile

An rud a chuireann an-díomá orm, tá sé fíordheacair scoil a rith ag dul isteach agus amach ó thigíní sealadacha go bhfuil tais..., atá ag sileadh den díon¹, nach bhfuil áiseanna cosúil le halla spóirt ceart agat. Déanann na rudaí seo ar fad difear agus táimid á ngealladh² an t-am ar fad do na tuistí.

Séamus Ó Scanláin

Deir an Roinn Oideachais go bhfuil sí ag cur dlús leis na hiarrachtaí réitigh, go bhfuil súil aici³ foirgneamh nua a bheith tógtha laistigh de dhá bhliain go leith ar shuíomh an Ghaelcholáiste. Idir an dá linn, a deir sé, beidh obair chóirithe agus chothabhála ar na foirgnimh réamhdhéanta ag tosú gan mhoill.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

¹ ag sileadh díon a dúradh

² ag geallúint iad a dúradh

³ sé agus aige a dúradh